Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14454/26

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2026/0187 (NLE)
2026/0188 (NLE)

JAI 1301
MIGR 302
RELEX 1327
COAFR 331

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire maidir le filleadh agus athligean isteach daoine nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha maidir le teacht isteach i gcríoch ceachtar Páirtí, maidir le bheith ar an gcríoch sin nó maidir le cónaí inti – Glacadh Dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire maidir le filleadh agus athligean isteach daoine nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha maidir le teacht isteach i gcríoch ceachtar Páirtí, maidir le bheith ar an gcríoch sin nó maidir le cónaí inti – Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa

1. An 12 Meán Fómhair 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh lena n-údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht i ndáil leis an gcomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire maidir le filleadh agus athligean isteach daoine nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha maidir le teacht isteach i gcríoch ceachtar Páirtí, maidir le bheith ar an gcríoch sin nó maidir le cónaí inti (11975/16 MIGR 154 COAFR 240, a thagraíonn do na treoracha caibidlíochta a leagtar amach in 11946/16 MIGR 153 COAFR 238 EU RESTRICTED). Leis an gCinneadh sin, údaraíodh don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais agus tugadh na treoracha caibidlíochta riachtanacha don Choimisiún chun na críche sin.

2. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht an 26 Deireadh Fómhair 2016 agus tar éis 14 bhabhta caibidlíochta, cuireadh inisealacha le téacs an Chomhaontaithe le linn an 8ú hIdirphlé Aireachta idir an Nigéir agus an tAontas Eorpach an 23 Márta 2026 in Abuja.

3. An 6 Iúil 2026, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid na Comhairle:

   – moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire maidir le filleadh agus athligean isteach daoine nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha maidir le teacht isteach i gcríoch ceachtar Páirtí, maidir le bheith ar an gcríoch sin nó maidir le cónaí inti (11586/26+ADD 1);

   – moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire maidir le filleadh agus athligean isteach daoine nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha maidir le teacht isteach i gcríoch ceachtar Páirtí, maidir le bheith ar an gcríoch sin nó maidir le cónaí inti (11582/26+ADD 1).

4. Scrúdaíodh na tograí sin ag an gcruinniú a bhí ag comhairleoirí CGB an 9 Meán Fómhair 2026.

5. Thug Éire fógra, le litir dar dáta an 8 Deireadh Fómhair 2026[1], gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh thuasluaite agus áiríodh an aithris maidir le rannpháirtíocht na hÉireann sna Cinntí athbhreithnithe.

6. I gcomhréir le forálacha an Chonartha, caithfear toiliú ó Pharlaimint na hEorpa a fháil sula nglacfaidh an Chomhairle an Cinneadh maidir leis an gcomhaontú um athligean isteach a thabhairt i gcrích.

[1] 14143/26

7. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire maidir le filleadh agus athligean isteach daoine nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha maidir le teacht isteach i gcríoch ceachtar Páirtí, maidir le bheith ar an gcríoch sin nó maidir le cónaí inti, mar a leagtar amach in 12948/26 é (an téacs ar chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air), a ghlacadh;

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh thuasluaite ón gComhairle maidir leis an síniú a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa;

– cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(d) de Rialacha Nósanna Imeachta na Comhairle, go bhfoilseofar téacs an Chinnidh thuasluaite san Iris Oifigiúil, sraith ‘L’.

– an comhaontú i bprionsabal a dhearbhú i ndáil le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire maidir le filleadh agus athligean isteach daoine nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha maidir le teacht isteach i gcríoch ceachtar Páirtí, maidir le bheith ar an gcríoch sin nó maidir le cónaí inti, mar a leagtar amach in 12941/26 é, chomh maith le téacs an chomhaontaithe um athligean isteach, mar a leagtar amach in 12944/26 é (téacsanna ar chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu), agus a chinneadh an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe sin agus téacs an chomhaontaithe um athligean isteach a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.